

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	T4
Ainm an Agalláí	Sorcha (Sarah Eddie) Nic Aoidh
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	13/03/2006
Suíomh an Agallaimh	Dobhar
Ainm an Tras-scríbhneora	Máire Ní Rabhartaigh

(gáire)

(sos)

(--)

Tús bréige

` _____ '

Focal dothuigthe

` _____ +'

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

....

Beirt ag caint ag an am amháin

[]

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL: Inis domh bheadh tae beag ansin tráthnóna, caidé an t-am den lá a bheadh an tae beag a Sarah, an mbeadh sé an cúig ná?

SARAH EDDIE: Bheadh tae againn ar a cúig agus ansin arís i dtráth a hocht *but* bheadh tae ansin ann.

DÓNALL: Bé tae a cúig a chlog, an bé sin an tae beag?

SARAH EDDIE: Sé, *I would say* go bé, sé, ansin bheadh brachán ná *rice* ná rud éigin eile ansin in am luí.

DÓNALL: 'S bhfuil cuimhin agat ar drisiúr sna tithe a Sarah?

SARAH EDDIE: Ó tá neart cuimhne agam ar, ar sin. Bheadh babhla ghalánta mhóra agus babhla bheaga 's plátaí agus achan rud, is iomaí áit a bhfuil ceann de na plátaí sin le fáil bhfuil a fhios agat anois, ach níor tugadh aire ar bith daofa caitheadh amach iad, níor raibh.

DÓNALL: Caitheadh amach iad mar a dúirt tú.

SARAH EDDIE: Ceannaíodh priosanna úra ansin, sin é, anois tá luach mór orthu dá gcaithfeá ceann acu a cheannacht tá siad ina *antiques*.

DÓNALL: Inis seo domh a Sarah, ansin caint ar caitheamh aimsire nuair a bhí tú i do chailín óg tá cuimhne agat ar dhamhsaí amuigh ar an bhealach mhór is achan rud mar sin.

SARAH EDDIE: Tá, sé'n chuimhne atá agam bhfuil a fhios agat lucht na Gaeilge bhuel gheobhadh muid cead dul ag na céilí's *you see* a dtigh. Bheadh muid ar an scoil agus muid ag dul chuig na céilí's achan oíche agus an lá a d'ímíodh lucht na Gaeilge bhuel bheadh oiread cumha orainne agus bheadh muid ag caoineadh agus an cumha a bhí orainne an geimhreadh mór fada romhainn ach ansin nuair a d'éirigh muid cúpla bliain níos seanaimsearach agus bhí cead againn, nach rachadh muid i ngan a fhios ar scor ar bith muna bhfaighidh muid cead, a bhí cead againn dul chuig na damhsaí, bheadh muid amuigh ag ceann an bhealaigh ag damhsa bhí, chastaí cuid mhór as Croithlí orainn, agus as Gaoth Dobhair agus Anagaire uilig agus chruinneodh muid uilig ansin agus bheadh muid ag damhsa agus ag ceol agus amuigh ag ceann an bhealaigh, ag caitheadh bróg mar a deirtí linn, sin a deirtí sa bhaile linn.

DÓNALL: Sin an rud b'fhéidir ar a dtug '_____'

SARAH EDDIE: Caitheadh bróg (sos) sin amuigh ar an bhealach mhór ag damhsa agus ansin chaitheadh muid éirigh ar maidin agus ansin a dhul na bhaile ag obair.

DÓNALL: Bhí saol sona sásta agaibh ar dhóigh bheag shimplí.

SARAH EDDIE: Bhí, bhain muid taitneamh maith as an saol, bhfuil a fhios agat b'fhearr liom é nó an saol atá ann anois ag an mhuintir óga fá dhifir mhór mhaith, ní raibh an t-ólachán na gath ar bith. Dá mothaíodh nuair a bhí muidinne óg go raibh tú istigh i bpub bhuel mhurfaigh tú.

DÓNALL: Ní raibh mná ag dul go speisialta.

SARAH EDDIE: Ní raibh mná ar bith ag dul istigh ann pub ar bith. Gath ar bith mar sin agus d'athraigh an t-am but tá mé féin ag deanamh gur leis an bhosca sin thall an *television* d'athraigh an t-am gur sin an áit a.

DÓNALL: Gur meon na ndaoine is dóigh na ndaoine a d'athraigh.

SARAH EDDIE: Bhuel creidim go beith gur athraigh go gcaithfidh tú dul leis an rud atá ann anois ní fhágadh an mhuintir óga an doras go dtí go dtiocfaidh tacsáí fá na gcoinne agus *shoulder bag* ar achan nduine acu agus saltaí go fada ceithre orlaí.

DÓNALL: Mar a tairne sé orlaí ann.

SARAH EDDIE: Mar a tairne sé orlaí ann (gáire) sin an saol atá ann anois

DÓNALL: Sé.

SARAH EDDIE: Oh um *so* níl a fhios agam an mairfidh sé do bharúil, sin mar is fearr é.

DÓNALL: Sarah inis seo domh, tá cuimhne agat fosta nuair a bhí tú i do chailín iontach óg nuair a shéid, shéid an rud manach sin suas i mBaile Mhánais, Sarah.

SARAH EDDIE: Tá cuimhne agam ar. Shéid sé suas ar an deichiú lá de Mheitheamh (sos) 1943(sos) agus bhí sin, bhí sin truacanta agus thug sé croitheadh mhór do mhuintir na Rossa, croitheadh mhór do mhuintir na Rossa, chaill fear amháin as na Rossa a thriúr mac. Chaill go, sin muintir Mhuallach Dubh agus Rann Uí Thuathail agus thart a, thart an giota sin uilig Baile Mhánais, chaill fear amháin a thriúr mac, bhí sin millteanach amach as teach amháin agus chaill go leor acu beirt, beirt mhic agus i dtaca le duine amháin chaill an, naoi gcloigne déag sílimse a cailleadh uilig, sílimse gur sin anois, is iomaí uair a chuntas mé iad thiar ar a, ar an monument atá thiar ar a Mhuallach Dubh agus sílim gur naoi déag agus ansin bhí cúpla duine ann nach dtáinig a dhath air a bhí adhmháil Aodh Ó Searcaigh a bhí sé ina chonaí thíos anseo i nDobhar.

DÓNALL: Sé, tá cuimhne agam ar.

SARAH EDDIE: Bhfuil cuimhne agat ar? Bhí rud in teacht ag a chroí, ag taobh a chroí agus fear eile thiar. Bhí sé pósta a tá sé beo ar fad *Gerard Carson* d'fhág sé marc in teacht eile airsean agus 's iomaí uair a d'ínis fear as Rann Uí Thuathail domh sin a iníon atá pósta thíos anois san, Ostán Ghaoth Dobhair Páidaí Sweeney atá air bhí dhá bhonn lotharin ina, ina phóca agus cham sé, (sos) cham siad, cham sé *silver* (sos).

DÓNALL: Agus creidim gur cluineadh, bhí tú ag rá sin giota fhad ar shiúil le Leitir Ceanainn a leithid.

SARAH EDDIE: Bhí daoine amuigh ar an choláiste ansin agus sílim gur an tathair Ó Cnaimhsí a bhí ina cheannaire ar an choláiste an t-am sin agus níl a fhios agamsa cé anois, cé acu Pádraig Ó Baoill as Rann na Feirste a bhí ar an choláiste an t-am sin nó na beith. Ní thiocthadh liom inse anois fá cé a bhí ann nó b'fhéidir gur duine de na *Sharkeys* agus mhothaigh siad amuigh an torm, ar a deich a chlog san oíche, oíche Luain ar an deichiú lá de Mheitheamh agus bhí na Rossa. Agus cuireadh cúpla duine acu i gCeann Caslach agus cuireadh an chuid eile in Anagaire.

DÓNALL: Shilfeá gur chroith sé an méid, méid soithí a bhí istigh ann.

SARAH EDDIE: O chaill sé, *even* chroith sé i Rann na Feirste na priosanna agus na drisiúr amach as a an áit a raibh siad ina suí, amach i lár an tí, 's tá cuimhne agam ar, Dia mo shábháil bhí sé millteannach.

DÓNALL: Bhí sé scafuil.

SARAH EDDIE: O bhí sé scafúil agus ní raibh a fhios ag an nduine ansin, ní raibh gutháin ar bith ag dul.

DÓNALL: Ní raibh.

SARAH EDDIE: Agus ní raibh Raidió na Gaeltachta ag dul agus ní raibh a fhios ag an nduine an oíche sin caidé a tharla, ní raibh a fhios againn go dtí lá arna mhárach (sos) ní raibh a fhios againn caidé a bhí ann.

DÓNALL: Sarah, caithsé go bhfaca tú athradh millteanach ansin nuair a tháinig leictreachas isteach, creidim go raibh sé i nGaoth Dobhair i 1954 nó thart fá sin, caidé fá dubh daoibh féin a Sarah?

SARAH EDDIE: Bhuel bhí muidinne suas le bliain i ndiaidh Gaoth Dobhair, tá mé ag deanamh gur i 1955 a tháinig sé, nó b'fhéidir ag deireadh 1954 agus bhí athradh mór ann *even* nuair a bheithfeá ag teacht isteach ó dhamhsa roimhe sin, bhí tú, ní raibh, isteach sa dorchadas, ní fheicfidh, teillí's a bhí ag dul sna tithe agus *alarms* agus chaithfidh, bhí siad sin crochta ar thaobh an bhalla agus ní thiocfaidh iad sin a fhágáil lasta fá do choinne na bheadh an teach ar thine acu bhfuil a fhios agat dá rachadh, bhí siad ró-chontúirteach,

DÓNALL: So chuirfidh as.

SARAH EDDIE: Níl cuimhne agatsa orthu.

DÓNALL: Níl cuimhne ar bith.

SARAH EDDIE: Bhfuil cuimhne agat ar teillí's féin.

DÓNALL: Níl

SARAH EDDIE: O níl, bhuel teillís, chaithfidh iad a phumpáil agus a phumpáil na teillí's agus chaithfeá iad a lasadh le mic.

DÓNALL: Bheadh solas ar dóigh orthu deirtear.

SARAH EDDIE: Bhí solas maith orthu, solas maith orthu ceart go leor agus a chuirfidh as iad mar a dúirt mé, nuair a rachadh an sean phéire a luí go ndéanfaidh Dia trócaire orthu

agus an mhuintir óga den teaghlach agus dá mbeithfeá amuigh ag damhsa nó amuigh ag áit ar bith chaithfeá do bhealach a dhéanamh isteach fríd an dorchadas agus bhí teach s'againne, bhí cabhsa fada agam le dul síos go dtí. Ach tá cuimhne agam oíche amháin agus seasann sé amach i mo chuimhne. Chuaigh mé isteach agus mé ag dul isteach go faillí (sos) go suaimhneach agus an chéad rud eile bhí (sos) buicéad *turnips* gearrtha ag mo athair fá choinne an ealaigh ar maidin agus caidé a rinne Sarah ach siúl isteach sa bhuicéad agus urlár *cement* a bhí sa teach agus mhothófá sin shuas in Anagaire.

DÓNALL: Agh bhuel sin mar a bhí Sarah, fán go bhfeicfidh tú anois. Bhí creidim go dtug sé isteach athradh millteanach nuair a bhí *you know fridge* in san choirnéal agus raidió agus *tv* níos moille agus achan rud mar sin.

SARAH EDDIE: Na raidió's a bhí againn chaithfidh a dhul na *gharage* le dhá, le dhá rud gloine agus iad a fháil *chargeáilte* sin na raidió's a bhí againn,

DÓNALL: Sé.

SARAH EDDIE: Bhí raidió's againn sula dtáinig an solas eilbhiseach agus chaithfeá iad a thabhairt suas na *gharage* go bhfaighfeá *chargeáilte* iad. Agus shílfeá nach raibh a dhath, acid a bhí istigh iontu.

DÓNALL: Sé, agus caidé chomh minic is a chaithfeá sin a dhéanamh.

SARAH EDDIE: Bhuel, chaithfeá, tá cuimhne agamsa bhí raidió i dtigh s'againne agus o iad ina shuí ag éisteach leis an chogadh, tá sin fíor, agus, o caidé seo, c'ainm seo a bhí ar, *Lord Aho* agus bhí cúpla sean nduine ina shuí ag éisteach le sin agus chaithfidh iad, o chaithfidh iad a thabhairt na *gharage* go minic suas chuig *garage* Anagaire, garáiste Anagaire agus cibé a dhéanfadh siad leofa *chargeáiltear* iad agus bhí siad sin *alright* ansin arís agus b'fhéidir go maireadh siad trí seachtainí nó mí na rud inteacht. Ansin, tháinig ansin a raidió na tháinig an solas eilbhiseach fuair siad raidió's mar a ba cheart agus bhí pleisiúr Dé leotha sin.

DÓNALL: Nach millteanach an tathradh a chonaic tú Sarah.

SARAH EDDIE: O bhall bhí sé ina athradh mhór orrú bhí nuair a bhí solas taobh amuigh den teach agus d'fhágfaidh sin ar nuair a d'imeofaí agus bhí sé ina athradh mhillteanach agus solas a bheith istigh ansin agus ní raibh agat ach le do mhéar a chuir ar an chnaipe agus lasadh sé. Agus bhí sin ina athradh mhór ceart go leor. Níl a fhios agam caidé mar a fuair muid ar aghaidh ar chor ar bith. níl a fhios agam caidé mar atá muid beo inniu ar chor ar bith.

DÓNALL: Rud nach raibh agat ní chrinnofá.

SARAH EDDIE: Bhuel, tá sin fíor ní raibh, ní raibh billí ar bith orthu le díol ar scor ar bith.

DÓNALL: Ní raibh. Ansin tá cuimhne agat ar cén chead *mhotar* a bhfuil cuimhne agat ar i Rann na Feirste Sarah.

SARAH EDDIE: Bhuel, (sos) sílim gur ag Brianní Dhonnachadh go ndéanfaidh Dia mhaith air sin athar Feda anois agus James Sharkey a bhí in oifig an phoist go bhfuair seisean ceann. Ach sin daoine a raibh carranna acu ach níl a fhios agam ach bhí siad ina gconaí nDún na Mainsear. Creidim nach bhfuil aithne agatsa orthu ach tá garáiste in Anagaire ag a gclann, Ned Chonaill agus Dan.

DÓNALL: O tá, tá a fhios agam.

SARAH EDDIE: Bhfuil cuimhne agat orthu?

DÓNALL: Tá.

SARAH EDDIE: Bhuel sin, tá Danny anois ag reáchtáil an gharáiste. Bhuel bhí carrannaí acu sin agus *lorries*, *lorries* agus fear eile ar an leoraí aige am an chogaidh agus é ag tabhairt amach `s isteach mónadh go dtí *St Johnstone's* na áit inteacht a bhí sé, Brianní, Brianní Ghráinne, deartháir do John Ghráinne má tá aithne agat ar John Ghráinne.

DÓNALL: Tá, tá aithne agam ar.

SARAH EDDIE: Sin anois agus bhfuil a fhios seo go ndeachaigh muidinne go céilí ag *Middletown* ar leoraí Bhrianní anois, ar leoraí Bhrianní Ghráinne ina seasamh thiar sa *bhack*.

DÓNALL: Agus tú go salach, ní bheithfeá ró-ghlan.

SARAH EDDIE: I ndiaidh móin a bheith istigh inti agus greim againn ar na *cribs* a croitheadh ó thaobh go taobh.

DÓNALL: O Dhia sábháil.

SARAH EDDIE: O Dhia sábháil, dí Dia.

DÓNALL: Ba chuma libh ach fáil ann.

SARAH EDDIE: Ba chuma linn ach fáil ann, bhí muid ar mire. Ba ach, ní raibh a dhath eile ag dul ní raibh televisions ach oiread, tháinig na televisions ansin níos moille i ndiaidh. Gheobhadh teach ceann anois is gheobhadh teach ceann arís `s rachadh sin fríd an bhaile uilig lear fuair a leithead seo *television*.

DÓNALL: Is chaitheadh achan nduine.

SARAH EDDIE: leithead seo *television*

DÓNALL: Bhfuil cuimhne agat ar ghanntanas milteannach ansin am an chogaidh Sarah.

SARAH EDDIE: O bhí leoga, bhí an plúr agus tae agus achan rud agus na *rasions even* an téadach, bróga chaitheadh *coupons* a bheith agat. Bhí sé cruá am an chogaidh.

DÓNALL: Creidim gur ar an phlúr is mo a bheadh an rud a ba mheasa.

SARAH EDDIE: Plúr dubh a bhí ag dul. Cha dtiocfadh leat é a ithe.

DÓNALL: Ba dhoiligh a ithe.

SARAH EDDIE: Ba dhoiligh, níl cuimhne agatsa ar.

DÓNALL: Níl.

SARAH EDDIE: O ní bhfearr duit a bheith.

DÓNALL: (Gáire).

SARAH EDDIE: Bhí sé plúr dubh agus rud amháin bhí a gcuid ime féin ag bunús achan teach bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: O bhí, bhí.

SARAH EDDIE: Agus cúpla bó in achan teach agus bhí a gcuid ime féin acu but plúr agus ní bhfaighfeá milseáin na gath ar bith mar sin bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: No.

SARAH EDDIE: Agus tá mé ag deanamh go raibh na toitíní fosta iontach gann.

DÓNALL: O bheadh siad gann cinnte bheadh.

SARAH EDDIE: Aye, iontach gann.

DÓNALL: *So* b'éigean daoibhse imeacht ó shiopa go siopa ag cuartú.

SARAH EDDIE: B'éigean dúinn imeacht ó siopa go siopa ag cuartú *but*, bhí bhfuil a fhios agat an dá shiopa a bhí i Rann na Feirste an tam sin bhfuil a fhios agat, bhí siad go maith bhfuil a fhios agat. Bhuel, chaithfeadh muid an plúr dubh a fháil sin a raibh acu le tabhairt dúinn. Ach gheobhadh muid tae agus tae tirim agus ansin teach ar bith a bhí ag coinneáil lucht na Gaeilge is a bhaile bheadh tae leo bhí an tae fairsing, fairsing sna sé contae.

DÓNALL: *So* bheadh tae leosan isteach.

SARAH EDDIE: Bheadh tae leosan ansin, bhí sé inste ag na huachtárain na coláiste daofa go raibh an tae, bhí a fhios acu féin é go raibh an tae gann ins sna sé contae is fiche. Agus ansin bhí *black market* ar tae, bhí tú ag díol punta ar phunta, tae, dá gceannófa, agus bhí sin daor an tam sin. Bhí sé go maith agat deich bpunta anois a thabhairt ar bhosca beag tae atá amuigh ansin, punta ar phunta, ar phunta tae.

DÓNALL: O scrios Dé ní dhíolainn.

SARAH EDDIE: Bhuel sin ar bhí agus gheobhadh muid sin agus bheadh milseáin le lucht na coláiste iad féin, na scoláirí nuair a thiocfadh siad agus bhí rudaí ann a bhfuil a fhios agat dá bhfaighfeá sin am an chogaidh.

DÓNALL: Bheadh sibh ag gadaíocht corr chinn déarfainn.

SARAH EDDIE: O bheadh,(gáire) bheadh, bheadh, bhuel ceart go leor bheireadh siad an tae uilig suas do bhean an tí nuair a thiocfadh sí agus d'fhág sin fairsineach beag tae fá na tithe.

DÓNALL: Sin ganntanas millteanach duine ar bith a bhí ag caitheadh toit fosta Sarah.

SARAH EDDIE: Bhuel, creidim go raibh sé cruá orthu, creidim go raibh, go raibh sé cruá orthu, bhí toitíní amháin le fáil ar *Whitehorse* a bhí orthu. Tá cuimhne agamsa ar sin.

DÓNALL: Níor chuala mé iomra riamh orthu.

SARAH EDDIE: Bhuel, ní fhaca mise riamh iad ach hoiread ach tá cuimhne fear a bheith a gcaitheadh. *Whitehorse*.

DÓNALL: Tá cuimhne agam chluinfinn mo mháthair is mo athar ag caint ar *Woodbine's*.

SARAH EDDIE: O aye, bhuel sin rudaí saora, gheofá, gheofá deich Woodbine ar dhá phingin go leith agus gheofá scor ar chúig pingne, cúig pingne, o chuaigh achan rud suas *skyhigh* ó shín.

DÓNALL: Sarah, bhí mé ag smaoineamh anois, bhí mé anseo seachtain nó beirt ó shin, bhí Oíche Fheil Bríde i ndiaidh a dhul thart. Bheadh nós ann, inis thusa domsa fán rámas beag a deirtí agus d'imeodh bean thart ar an teach agus lig isteach Bríd Bheannaithe. Inis domh fá sin a Sarah.

SARAH EDDIE: Bhuel, dá mbeadh Bríd sa teach, chaitheadh Bríd a dhul amach ach mura raibh Bríd ann, dhéanadh bean ar bith gnoithe. Agus rachadh siad thart ar an teach. Tá mise fágtha liom féin anois agus níl duine ar bith sa teach ach mé féin agus le traidhfil blianta anuas, ním thíos i teach mo dheartháir é, mo mhac é, gabh mo leithscéal, teach mo mhic. Tá tú *supposáilte* a dhul thart trí huair. An chéad uair, rachaidh tú thart, caithfidh tú a dhul thart uilig go léir ar an teach agus déarfaidh tusa "Gabhaigí ar bhur nglúine agus fosclaigí bhur súile", seo leis an mhuintir atá istigh, tá siad *supposailte* uilig a bheith ar a nglúine, "gabhaigí ar bhur nglúine agus fosclaigí bhur súile agus ligigí isteach Bríd". Agus ansin rachaidh tú, déarfaidh siadsan istigh ag tabhairt freagra ort "sé a beatha". "Sé a beatha, sé a beatha". Déarfaidh tú sin trí huair, rachaidh tú thart an darna huair agus déarfaidh tú an rud céanna ag an doras toiseach agus thart an tríú huair agus déarfaidh tú, rachaidh tú ar do ghlúine agus déarfaidh tú an rud céanna arís, "gabhaigí ar bhur nglúine agus fosclaigí bhur súile agus ligigí isteach Bríd Bheannaithe" agus déarfaidh an mhuintir atá istigh ar a nglúine ag tabhairt freagra ort "sé a beatha, sé a beatha, sé a beatha na mná uaisle". Agus ansin tá tú, fágfaidh tú amuigh bratóg, beidh sé leat thart ar an teach, fágfaidh tú amuigh go maidin é. Ansin bhéarfaidh tú isteach lá arna mhárach arís é agus. Bhfuil bratóg Bhríde agat ?

DÓNALL: Fada an lá ó bhí ceann agam ó bhí mé i mo ghasúr.

SARAH EDDIE: Bhearfaidh mé ceann duit sula bhfágfaidh tú an teach.

DÓNALL: Maith thú.

SARAH EDDIE: Agus tá sé, tá sé, sábhálann sé tú ar, ar toirneach agus ar tubáistí agus ar rudaí mar sin. Tá bean ina conaí, an dara doras domhsa a bhfuil Bidí Eoghain Éamoinn uirthi agus ón bhliain ó tháinig mise go Dobhar nach dearn sí cros Bhríde domh agus dá leath an bhaile le mo chois, anois.

DÓNALL: Bhuel, sin creideamh maith nach beith.

SARAH EDDIE: Sin creideamh láidir.

DÓNALL: Sé leoga.

SARAH EDDIE: *But* sin anois fá Bríd.

DÓNALL: Bhuel a Sarah b'fhéidir go bhfágfadh muin inniu é agus tá stróiceadh breá déanta againn. Go raibh míle maith agat.

SARAH EDDIE: Creidim go bhfuil tú *fed up* ag éisteacht linn.

DÓNALL: Níl mé thug tú scoith an eolais dúinn.

DÓNALL: Anois a Sarah tá mé ar ais arís cúpla seachtain níos moille ach is cuma. Nuair a bhí mé ag imeacht an lá deireanach Sarah, thosaigh tú ag inse cúpla scéal maith. Bhí ceann speisialta maith agat fá oíche ar ghoid sibh currach. Bhí sibh ag dul a theacht anall go Machaire Loisce Sarah, *so* ar mhaith leat sin a inse domh a Sarah?

SARAH EDDIE: Bhuel inseoidh mé duit é. Chuaigh mé féin agus mo chomradaí Bríd fá choinne siúl thíos ag an trá, trathnóna amháin agus casadh dhá stócach as Gaoth Dobhair orainn agus bhí muid ag comhrá, 's ag caint, 's ag gáire ar feadh tamaill agus ansin dúirt siad, dúirt siad nach bhreá rud currach agus thioctadh linn a dhul anonn go Machaire Loisce. Dúirt muidinne tá currach thiar ansin. Níl agaibh ach le dhul siar agus é a thógáil so chuaigh siad siar 's fuair siad an currach agus thóg siad é agus bhí ceaslaí istigh faoi. Agus siúd aniar iad ag iompar an churraigh agus chuir siad an currach ar a tóin. *Danny Harley* a bhí ann agus dúirt *Danny*, bhí sé ina sheasamh sa churrach 's sa cheaslaí "isteach libh". Chuaigh an triúr againne isteach agus bhí muid istigh. Dúirt *Danny* "I'll show you now how, how its done". So chuir *Danny, Danny* in áit a chos eile a chuir síos sa churrach chuir sé síos sa lán mara í agus thiontaigh an currach ar a taobh agus an cheathrar, an cheathrar againn fluich báite.

DÓNALL: Tá a fhios agam, tá a fhios agat '_____' agus h'obair gur báiteadh tú.

SARAH EDDIE: H'obair gur báiteadh, gur báiteadh muid. Bhuel bhí muid fliuch báite ar scor ar bith go craiceann agus bhí muid ag slioparnigh thíos (gáire). Bhuel bhí go breá go dtí ndúirt na stócaigh mar a gheobhaidh muid na bhaile. Ní thig linn dul na bhaile san éadach seo agus ní raibh a fhios againn caidé a dhéanadh muid. Tháinig muid aníos go dtug muid brístí daofa agus geansaithe go ndéanfaidh sin gnoithe, sa tsamhradh a bhí ann. So dúirt siad go mbeadh sin ceart go leor. Ar scor ar bith fuaras na brístí agus na geansaithe daofa agus sin an rud a chuir siad orthu agus d'imigh siad na bhaile.

DÓNALL: Thug sin na bhaile iad.

SARAH EDDIE: Thug sin na bhaile iad. Bhí acu le dhul traidhfil mílte 's Dhobhar go Rann na Feirste.

DÓNALL: Bhí an cristacht ionaibh a Sarah.

SARAH EDDIE: Bhuel bhí muid crista, bhí muid crista. Ní raibh a dhath eile le déanamh bhfuil a fhios agat ní raibh, bhfuil a fhios agat ní raibh, ní raibh a dhath le déanamh ach ar shiúil ag maistíneacht.

DÓNALL: Ar shiúil ag magáíocht creidim.

SARAH EDDIE: Dá ndéanfaidh, dá ndéanfaidh daoine sin anois bhuel bheadh na gardaí thuas sa mhullach orthu.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

SARAH EDDIE: Na rudaí a rinne muidinne.

DÓNALL: Sin scéal ar dóigh. Sarah nuair a bhí muid ag críochnú an lá deireanach fosta tháinig rud inteacht i mo cheann bhí nósanna agaibh ag gabháil le míonna áirithe. Ar mhaith leat cuid acu sin a thabhairt domhsa.

SARAH EDDIE: Bhuel níl mórán acu agam a Dhónaill. Níl mé ábalta smaoineamh orthu agus níor smaoinigh mé ó shin orthu. Fán go bhfeicfidh mé. Bhuel, níl a fhios agam caidé atá ráite fá mhí Eanáir, but Feabhra mhothaigh mé i gcónaí "fuillí, fuillí mharbh 's caoraí. Ansin tig mí an Mhárta isteach ina dhiaidh sin agus mhothaigh mé ráite fá mhí an Mhárta (sos), má thig sí isteach *"if it comes in like a lion and goes out like a lamb"* go mbeidh samhradh maith againn. So tháinig sí isteach i mbliana mara *lion* ann ná bhí sneachta agus siocán leí agus fuacht agus sin mí Mhárta. Bhuel bíonn mí Márta i gcónaí fuar. Agus bhí sean, déarfainn nuair a bhí muid ar an scoil a d'fhoghlaim muid an scéal sin fá sean bhó a bhí ag duine éigin inteacht agus "Rébhach" an tainm a bhí uirthi agus mhothaigh, mhothaigh an Rébhach go raibh an Márta ar shiúil. Dúirt an Rébhach "buíochas do Dhia go bhfuil an Márta mollaithe amuigh agus chuala Ré, chuala Márta caint na sean bhó agus d'iarr sé trí lá de iasacht ar an Aibreán. Tá ainm inteacht ar na trí lá sin Lá na Rébhaigh.

DÓNALL: Lá na Rébhaigh.

SARAH EDDIE: Sé Laetha na Rébhaigh, sin an tainm atá ar.

DÓNALL: D'iarr sé na cúpla eile fá choinne an bhó a mharú.

SARAH EDDIE: Fá choinne an bhó a mharú.

DÓNALL: Sin laetha na Rébhaigh.

SARAH EDDIE: Bhuel sin an rud atá ráite ar scor ar bith.

DÓNALL: Agus tig siad fosta.

SARAH EDDIE: Tig sé fíor but ansin, níl a fhios agam ansin, a dhath ansin fá mí na Bealtaine. Bhfuil a fhios agat caidé (sos) *but* tá a bhuel mí Iúil bhuel mí Meitheamh, mí na Feil Eoghain a bheiradh siad ar. Tá rud inteacht i gcónaí bhfuil a fhios agat in achan mhí. Mí Iúil bheireann siad mí na súl buí ar.

DÓNALL: Bheireann.

SARAH EDDIE: Bheireann na seandaoine agus ansin tiocfaidh Lúnasa ansin agus tá mí na Feil Mhuire.

DÓNALL: Bhí rud inteacht fá mhí Meitheamh sílim mar a deireadh mo athair deireadh sé fán bharr.

SARAH EDDIE: Fán bharr.

DÓNALL: Nach mol `s na cáin go dtí go téigh an mí mheáin amach.

SARAH EDDIE: Sin rud, sin rud iontach maith.

DÓNALL: Sé is rinne mise amach gur an mhí mheáin, gur mí an Mheitheamh.

SARAH EDDIE: Sé agus nuair atá, go bhfuil sé go dtí, go dtí go dtarrfaidh mí Mheán an Fhómhair isteach a beith?

DÓNALL: Níor chuala mé an pháirt sin do.

SARAH EDDIE: Níor chuala tú sin?

DÓNALL: *No.* Deireadh sé nach mol is nach cáin ag caint ar an bharr.

SARAH EDDIE: Sé barr.

DÓNALL: Go dtí go dtéigh an mhí mheáin amach.

SARAH EDDIE: Bhuel shíl mise ansin go raibh mí Mheáin an Fhómhair

DÓNALL: Bhuel go raibh tusa ábalta an píosa sin a chuir leis.

SARAH EDDIE: Go raibh rud inteacht mar sin. Tá dearmaid déanta agam do. Ghlacfá na rudaí sin a bheith scríofa síos nuair a bhí tú óg.

DÓNALL: Gan dabht, ach tig siad agat amanna.

SARAH EDDIE: Tig siad agat amanna nuair nach bhfuil tú a n-iarraidh

DÓNALL: Sé, nuair nach bhfuil tú ag smaoineamh ar chor ar bith, tig sé díreach go nadúrtha agat

SARAH EDDIE: Nuair nach bhfuil tú ag smaoineamh ar chor ar bith.

DÓNALL: Anois a Sarah bhí scéal iontach eile maith agat, fá oíche bhris sibh prios. Is a mhaith leat sin a inse domh a Sarah.

SARAH EDDIE: Bhall, (sos) san Fhómhair i gcónaí thosaíodh muid a dhéanamh folachán na gcruach agus chuirfidh dallóg ort amuigh agus bheifeá ag dul thart go dtí go bhfaighfeá greim ar dhuine inteacht but ansin dhéanamh muid sin sna tithe fosta nuair a thiocfaidh an geimhreadh agus bhí muid an oíche seo a dhéanadh i dteach áirithe i Rann na Feirste agus ní raibh istigh ach muid féin, seisear againn ar fad. D'ímigh lanúin an tí a airneáil. Ach bhí prios úr ann, bhí siad i ndiaidh a fháil agus bhí, bhí ceann den chineáil chéanna ag bean eile i Rann na Feirste. Ach ar scor ar bith thosaigh an dallóg agus bhí muid ag gabháil linn go breá, ag gabháil thart agus ag fáil greim ar a chéile agus duine eile a chuir ar `s cibé *but* bhain taise do dhuine inteacht agus thit sé in éadan an phrios agus craiceáil an gloine sa phrios. Bhí muid san iopa ansin agus ní raibh a fhios againn caidé a dhéanadh muid agus mhairfeadh an bhean chéanna muid bhfuil a fhios agat ach ní raibh caidé a dhéanadh muid agus o dúirt, tháinig duine inteacht aníos le (sos) smaoineamh, prios a bhí thiar ag Máire, dhul siar agus bhí siad ar shiúil ar laetha saoire, dhul siar agus an choll a bhaint do agus malairt an dá choll a dhéanamh.

DÓNALL: Is sin an rud a rinneadh.

SARAH EDDIE: Rinneadh sin, sin an rud a rinneadh. Chuaigh duine inteacht siar agus fuair sé isteach agus baineadg anuas an choll agus níos tugadh faoi deara ar chor ar bith é. Ach nuair a tháinig muintir an tí eile arís ansin. Bhí a fhios againn go bhfaighfí amach bhfuil a fhios agat caidé a tháinig ar an phrios. Bhuel caithsé gur 1947 a bhí ann. Bhí siocán millteanach ann an bhliain sin, sin bliain an tsiocáin mhór deir siad. Mhar sé, sé seachtainí tá mé ag deanamh. Bhí siocán againn Lá Fheil Pádraig is scor ar bith. Bhí mise thart fá seacht mbliana déag an tam. Agus tháinig siadsan na bhaile díreach fá choinne Lá Fheil Pádraig bhí siad ar shiúil ar laetha saoire bunadh an tí agus bhí an prios athraigh agus bhí a fhios againn go raibh agus caidé a dhéanadh muid agus chuir muid suas le seandúine le gabháil isteach ann a airneáil na a, agus chuaigh sé isteach ann agus dá labhraí ar an phrios. Eisean a rá go, o bhuel bhí siocán trom ann agus b'fhéidir nuair a tháinig an chascart go, gur chraiceáil an gloine, gur s'íomaí uair a *happenáilann* sin.

DÓNALL: Rinne sibh suas leithscéal galánta.

SARAH EDDIE: Rinne muid suas leithscéal, leithscéal galánta ach níl a fhios agam cé acu a fuair siad amach, tá mé ag deanamh go bhfuair. Tá siad uilig marbh anois ar scor ar bith bunadh an tí sin.

DÓNALL: Ní dhéanfaidh sé dochar ar bith anois daofa.

SARAH EDDIE: Níl a fhios agam cé acu a fuair siad amach an fhírinne a riamh nó nach bhfuair. Níor dhúirt.

DÓNALL: Sin scéal maith. Ach a Sarah nach mhilteannach an siocán a bhí ann nuair a bhí, nuair a bhí rud mar sin ann sé seachtainí nó níos mó.

SARAH EDDIE: Bhí, bhí sé ann sé seachtainí. Bhfuil a fhios agat fuair cuid mhór eallaigh bás an tam sin

DÓNALL: Ba dhoiligh a dhul bealach ar bith ansin.

SARAH EDDIE: Bhí sé, *but* a bhfuil a fhios agat, ní bheadh an bealach, ní raibh carranna ar bith san áit.

DÓNALL: Ní raibh.

SARAH EDDIE: Ní raibh, siúl a bhí achan nduine. Bhfuil a fhios agat sin an rud a níos an bealach sleamhain anois, *tracks* na carranna.

DÓNALL: Tá sin fíor.

SARAH EDDIE: Agus má shiocán sé ansin san oíche. Agus ansin an mhuintir óga amuigh ag sleamhnú ar.

DÓNALL: Sé.

SARAH EDDIE: Bhfuil a fhios agat bíonn an bealach contúirteach.

DÓNALL: Tá, tá sin amhlaidh.

SARAH EDDIE: Ach shiúlfá, shiúlfá leat fríd na páirceanna sa tsiocán.

DÓNALL: Sé.

SARAH EDDIE: Tirim. Bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: Ní chuireadh sé isteach nó amach ort.

SARAH EDDIE: Ní chuireadh sé isteach nó amach ort. Bhí muidinne ag siúl go Croithshlí, monarchan achan mhaidin

DÓNALL: Bhí. Is cuma cén cineál maidin a bhí ann.

SARAH EDDIE: Bhall fhad is a bhí an siocán ann.

DÓNALL: Sé.

SARAH EDDIE: Bhí muid ag obair linn sa monarchan an tam sin (sos) sin mar a bhí.

DÓNALL: Anois a Sarah sin scéal bhreá eile bhall. Sarah, tháinig athradh mór ins an tsaol ó shin agus bhí am ar dóigh agaibhse nuair a bheadh sibh ar shiúl chuig na damhsaí, le taobh mar atá anois.

SARAH EDDIE: Bhall sé mar a bhí, ní raibh ólachán ná (sos) *drugs* ná a dhath ag gabháil (sos) dá mhothófa dá mhuintir sa bhaile, do athair nó do mháthair go raibh cailín istigh i dteach leanna, bhuel cheasaigh í (sos) agus i dtaca le *drugs* do níl a fhios againn caidé rud iad agus creidim nach mbíonn a fhios anois, nó ní fiú dúinn tuisseacht orthu.

DÓNALL: Bheadh sibhse ar shiúl go luath tráthnóna naoi, a hocht, a naoi a chlog.

SARAH EDDIE: Thosaíodh, d'fhágadh muid an teach ar a naoi agus thosaíodh an damhsa thart fán deich. Bheadh an buíon ceoil istigh agus thosaíodh an damhsa, na buachaillí ar thaobh amháin agus na cailíní ar an taobh eile. Agus sin a mbeadh sa halla.

DÓNALL: Sé.

SARAH EDDIE: Mhóthaigh tú iomra ar *Ballroom Dancing*.

DÓNALL: O sé.

SARAH EDDIE: Bhall sin mar a bhí, sin an rud a bhí ann.

DÓNALL: Agus scairteadh an *band* ansin.

SARAH EDDIE: Agus scairteadh an *band* amach ansin damhsa agus ó bheadh damhsa amháin Gaeilge ann, b'fhéidir Ionsaí na hInsí ná Ballaí Luimnigh ná rud inteacht san oíche, ceann amháin agus bheadh *Ladies choice* amháin ann.

DÓNALL: Sé.

SARAH EDDIE: Agus tchífeá thusa ansin an scoith agus sudar a bhí leis na girseachí anonn trasna.

DÓNALL: (Gáire) piocadh an stocach.

SARAH EDDIE: Phiocadh stocach.

DÓNALL: Sé.

SARAH EDDIE: O sin anois an cineál am a bhí againn.

DÓNALL: Is a bhfuil cuimhin agat nuair a tháinig *rock 'n roll* isteach Sarah?

SARAH EDDIE: Tá cuimhne agam ar, tá, tá.

DÓNALL: Caithseá go dtáinig, go dtug sé isteach athradh iontach.

SARAH EDDIE: A thug, thug, thug ach nuair a stad na *halltaí*.

DÓNALL: Sé.

SARAH EDDIE: Níl an greann céanna ann.

DÓNALL: Níl.

SARAH EDDIE: Agus ansin dá dtosaíodh troid, ní bheadh oíche ar bith na mbeadh troid ann.

DÓNALL: Bhí sin ina pháirt don oíche.

SARAH EDDIE: O ba sin páirt don oíche. Rachadh na cailíní uilig suas ar *stolltaí*, cuid ansin a raibh a gcuid deartháireacha ag troid, rachadh siad ag screadaigh. O bhall sin anois mar a bhí an damhsa, bhfiú duit, dá mbeifeá an tam sin agus téip agat.

DÓNALL: Bhfiú.

SARAH EDDIE: Bhfiú duit.

DÓNALL: Bhuel tá sin ar shiúl a Sarah.

SARAH EDDIE: Tá sin ar shiúl anois.

DÓNALL: Sin, sin.

SARAH EDDIE: Tháinig na *lounges* isteach ansin agus na damhsaí sna (sos) '_____' sna hostáin.

DÓNALL: Tithe tábhairne.

SARAH EDDIE: Tithe tábhairne 's ní bhíonn, ní bhíonn a dhath níos mo. Ní thiocadh na *halltaí* ar ais níos mo déarfainn.

DÓNALL: Ní thiocadh. Cha raibh iomra i d'amsa ar bhean eile istigh ag ól deoch de shóirt ar bith na ní raibh, ní raibh.

SARAH EDDIE: Orú ní raibh, ní raibh, ní raibh sa, ní raibh, ní raibh bean istigh a riamh ní raibh. Ní raibh siad ag dul isteach, níl a fhios agam féin cá uair a thosaigh sé. Ní raibh muidinne ag dul amach. Bhí muid ina suí istigh ag tógáil páistí creidim an tam sin nuair a thainig sin amach, na mná ag dul go dtí na tithe tábhairne.

DÓNALL: Sé.

SARAH EDDIE: *So* sin anois.

DÓNALL: Thug sin isteach athradh iomlán.

SARAH EDDIE: Thug sé isteach athradh mór. Tír domhsa go dearn sé dochar don áit bhfuil a fhios agat, go mór dochar a rinne sé.

DÓNALL: Bhuel creidim. Sarah tá píosa eile a ba mhaith liom thú inse domh fá sean halla Dhobhair agus anois dúirt tú go raibh, go raibh siopa ann ar tús. Bhfuil sin fíor a Sarah?

SARAH EDDIE: Tá sin fíor a Dhónaill. Bhí siopa ag Conall Ó Fearraigh is an Luinnigh. Bhí sé pósta ar chailín as Dobhar Bríd Saillí, tá sí beo ar fad thoir ansin, athar, máthar Chathal *Ferry*, sagart Cathal *Ferry*.

DÓNALL: Sé.

SARAH EDDIE: Agus bhí siopa acu, bhí siopa acu i nDobhar fá choinne blianta agus ansin dhruid an siopa agus ansin caithsé go deachaigh traidfil eile blianta thart. Ach, tá a fhios agamsa go dtáinig mé go Dobhar a chónaí Nollaig 1963 agus níl a fhios agam cé acu bliain ná dhá bhliain ina dhiaidh seo ba ghnách, i ndiaidh muid a theacht. Ba ghnách lena fir a bheith istigh ag airneáil, a bhfuil a fhios agat agus rinne amach gur dheas an siopa a cheannacht ó Chonall *Ferry* go b'fhéidir go ndíoladh sé é. *So* oíche amháin, chuaigh siad soir chuig Conall *Ferry* agus sé'n scaifte a chuaigh soir. *Patrick* m'fhear céile, Searlaí *Hughie* Pháidaí, tá siad ar shlua na marbh agus Páidaí Searlaí Jimí agus Micí Mhainní. Tá mé ag deanamh anois nár fhág mé a nduine amuigh, gur sin an méid a bhí ann, agus *John* Searlaí Mhicí, thioabar domh dearmaid a dhéanadh do. Agus chuaigh siad sin soir chuig Conall *Ferry* agus rinne siad an *deal* ar scor ar bith. Agus ansin d'imigh siad 's fuair siad Lala lá arna mhárach arís agus bhí *minibus* ag Lala agus chuaigh siad siar na Chlochán Léith agus shocar siad agus cheannaigh siad í. Bhuel níl a fhios agam ansin ba an bhliain chéanna a thosaigh siad agus thosaigh siad ag reáchtáil chluichí *whist* (sos) *but* thosaigh siad an chéad uair le, i dtigh seanteach Mheabha Chonaill Alic, i dtigh Pháidaí Antaine. Thosaigh siad ag reáchtáil na *games* thuas ansin. Agus ansin, bhí siad ansin cúpla bliain agus ansin bhog siad suas na *hall* creidim go dtug siad cineál do chóiriú uirthi taobh istigh. Bhí, tá cuimhne agamsa uirthi, breá linne an tae a dhéanamh daofa.

DÓNALL: Ar bhreá?

SARAH EDDIE: Do lucht an *whist* .

DÓNALL: Ar chuir siad píos a maith go leor, mór go leor leis?

SARAH EDDIE: Bhuel, ní raibh an píosa léithe an tam seo Dhónaill. Bhí tine oscailte agus bhí an *counter* inti *but* baineadh sin amach a bhfuil a fhios agat agus ansin cuireadh isteach tábhlaí *whist* agus stolltaí agus rudaí thart agus o bheadh scaiftí móra ag an *whist* an tam sin. Cruinníodh, bhfuil a fhios agat cruinníodh airgead. Bhí siad fá choinne, sin an intinn a bhí acu píosa a chuir léithe.

DÓNALL: Sé halla níos mó a dhéanamh.

SARAH EDDIE: Agus halla níos mó a dhéanamh agus rinne siad sin. Sé an cuimhne atá agamsa ná an conraitheoir tógála a bhí acu agus ní raibh sé i bhfad i nGaoth Dobhair an tam sin, Pádraig Ó Dochartaigh thoir, as Cois Cláidí agus sin an fear a rinne an *hall* a chuir píosa leis an halla, halla agus sin. Tá a fhios agam go raibh sí críochnaithe ar scor ar bith acu i 1971 ná 72 bhí sí críochnaigh.

DÓNALL: Agus bhí siad ag coinneáilt damhsaí?

SARAH EDDIE: Agus thosaigh siad ansin ag coinneáilt damhsaí agus bhí *band* ag *practisáil* istigh ann agus *band* agus achan rud mar sin.

DÓNALL: Ach roimhe sin c'áit a raibh an *band*?

SARAH EDDIE: Bhuel sílim go raibh sé fá Teach na mBróg ag Searlaí Hughie Pháidaí ná áit inteacht mar sin a bheadh an band, bhí an band coinniste. Sílim gur ghnáth leo bhfuil a fhios agat a gcuid *flutes* féin a thabhairt leo na bhaile b'fhéidir.

DÓNALL: Na bhaile sé.

SARAH EDDIE: Agus na *sash's* ansin nuair a bhí an *hall* ann bhí siad thuas sa hall agus ansin d'imigh, bhfuil a fhios agat d'imigh an *hall* ansin.

DÓNALL: Bhí áit i bhfad níos fearr ansin acu.

SARAH EDDIE: Bhuel bhí agus sin an áit a bheadh an *band* beag fosta Nora *Delap*.

DÓNALL: Ins an *hall* chéanna.

SARAH EDDIE: Ins an *hall* chéanna. Sin nuair a thosaigh Nora ar an *bhand* fosta sa *hall* a bhí sí. *Although* is iomaí damhsa a bhí inti fosta bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: O bhall bhí *hall* ar dóigh inti.

SARAH EDDIE: Bhí *hall* bheag dheas ann, *hall* bheag dheas ann a bhí.

DÓNALL: Right Sarah bí cinnte le Dia anois fágfadh mé inniu thú.

SARAH EDDIE: Tá ceann úr ag oscailt.

DÓNALL: Gan mhóill.

SARAH EDDIE: Gan mhoill i nDobhar anois ar a seacht, (sos) ar um cén dáta arís, tríochadú lá de Mhárta naocha, naoi déag.

DÓNALL: Tá go maith agus tá *Mary Mc Aleese* ag teacht anuas.

SARAH EDDIE: Tá *Mary Mc Aleese* ag teacht anuas againn *so*.

DÓNALL: Beidh lá mór, beidh achan nduine cóirigh an lá sin a Sarah

SARAH EDDIE: (gáire) Beidh ma bhíonn, bhall má bhíonn an lá maith beidh sé deas *you know*.

DÓNALL: Beidh sé deas.

SARAH EDDIE: Beidh lá deas ann cinnte.

DÓNALL: Is deas an rud é.

SARAH EDDIE: Bhall is deas an rud é ag an mhuintir óga má níon siad, tá siad ag dul a chuir isteach *computers* ann deir siad.

DÓNALL: O tá.

SARAH EDDIE: Agus ag dul a chuir isteach pool tables agus rudaí mar sin.

DÓNALL: Sé.

SARAH EDDIE: B'fhéidir go gcoinneoidh sé na gasúirí ón bhealach mhór

DÓNALL: Coinneoidh. Is maith an rud é.

SARAH EDDIE: Is maith an rud é.

DÓNALL: *Right* Sarah, go raibh míle maith agat.

SARAH EDDIE: Ó nach habair é a Dhónaill.

DÓNALL: Tá téip ar dóigh déanta agat.

SARAH EDDIE: Ó bhuel, tá.

DÓNALL: Go raibh maith agat.